An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Geilleagar na hEorpa a Ghlasú: Freagairtí agus tionscnaimh ó Bhallstáit agus ó chomhpháirtithe sóisialta

## Achoimre feidhmiúcháin

## Réamhrá

Tuigtear go forleathan anois go mbeidh tionchar ag athrú aeráide ar an margadh saothair: beidh tionchar diúltach aige ar roinnt réigiún, earnálacha, cuideachtaí, gairmeacha agus grúpaí scileanna, agus bainfidh grúpaí eile tairbhe as. Mar sin, tá feidhm riachtanach, chomhpháirteach ag comhpháirtithe sóisialta agus ag rialtais i ndáil leis an aistriú go 'geilleagar níos glaise' a éascú: mar shampla, trí na scileanna a mbeidh gá leo chun dífhostaíocht struchtúrach a sheachaint a réamh mheas agus a chothú, trí thacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí éifeachtacha agus do ghnólachtaí glasa nua thionscanta agus trí mhaoiniú poiblí a spriocdhíriú ar bhearta dírithe ar an ualach comhshaoil a laghdú – i measc a lán tionscnamh eile den sórt sin.

Sa tuarascáil seo, déantar scrúdú ar na freagairtí agus ar na tionscnaimh déanta ag rialtais náisiúnta agus ag na comhpháirtithe sóisialta i mBallstáit an AE agus san Iorua d'fhonn dul i dtreo geilleagair níos glaise agus d'fhonn cumas an réimse seo poist a chruthú a uasmhéadú. Tá na torthaí bunaithe ar fhianaise curtha ar fáil ag ionaid náisiúnta EIRO de chuid an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound). Bhain an chéad chuid go sonrach le pacáistí téarnaimh náisiúnta a bhfuil gnéithe glasa san áireamh iontu, ag léiriú conas a bhunaigh Ballstáit struchtúir rialachais agus ardáin do dhíospóireacht dhépháirteach agus thrípháirteach chun déileáil leis an gclár oibre glas agus ag rianú na feasachta méadaithí ar an tábhacht a bhaineann le hastuithe dé ocsaíde carbóin a laghdú agus foinsí fuinnimh malartacha a fhorbairt. Cuimsíonn raon feidhme tionscnamh den leithéid seo táirgeadh fuinnimh in athnuaite (lena n-áirítear cumhacht taoide, gréine agus gaoithe), éifeachtacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe, soláthar uisce, bainistíocht dramhaíola agus talmhaíocht inbhuanaithe. Aithníonn an tuarascáil roinnt tionscnamh nuálaíoch a fhéadtar a roinnt agus a scaipeadh mar eiseamláirí dea chleachtais freisin.

## Comhthéacs beartais

Le blianta beaga anuas, d'oibrigh institiúidí an Aontais Eorpaigh go gníomhach chun straitéis beartais don gheilleagar glas a chur i bhfeidhm ina leagtar amach creat do ghníomhartha Ballstát ar leithligh. Sprioc ghlas lárnach is ea an tiomantas Eorpach d'astuithe $CO_2$ a laghdú do leibhéal 20% faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2020. Leagann an *European Sustainable Development Strategy* [Straitéis Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe] síos straitéis fhadtéarmach agus rinneadh é a phríomhshruthú in a lán straitéisí AE eile (mar shampla, sna *Employment Guidelines* [Treoirlínte Fostaíochta] agus sa *Social Agenda* [Clár Oibre Sóisialta]). I ndiaidh sin, bhunaigh formhór na mBallstát a straitéisí náisiúnta féin um fhorbairt inbhuanaithe. Sa Phlean Téarnaimh Eorpach, a d'fhormhuinigh cinn stáit agus rialtais i mí na Nollag 2008, leagtar amach an aidhm straitéiseach maidir leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin a luathú. Le deireanas, thug an Coimisiún Eorpach tuairisc ar a sheasamh i bPáipéar Bán a eisíodh i mí Aibreáin 2009, darb ainm dó '*Adapting to climate change: Towards a European Framework for Action*' ['Ag oiriúnú d'athrú aeráide: I dTreo Creata do Ghníomhaíocht Eorpach']. Ag leibhéal ilnáisiúnta is teachtaireacht bheartais thrípháirteach é an '*Green Jobs Initiative*' ['Tionscnamh na bPost Glas'] ó fhostóirí, ó cheardchumainn agus ó rialtais atá dírithe ar phoist agus ar fhorbairt atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i ndomhan ag déileáil le dúshlán na haeráide.

## Príomhthátail

Cé go léirítear sa tuarascáil, tríd is tríd, go bhfuil rialtais agus comhpháirtithe sóisialta i bhformhór na dtíortha gníomhach maidir leis an 'gclár oibre glas' a chur chun cinn, tá difríochtaí idir leibhéal na hidirghníomhaíochta, leibhéal an eagraithe agus na struchtúir rialachais agus na struchtúir um dhíospóireacht chomhpháirteach atá ar fáil iontu. Tá sé sin fíor freisin i ndáil leis na nithe a bhreathnaítear mar nithe 'glasa' san Eoraip (i.e. cumhacht núicléach, briseadh gluaisteán, feirmeoireacht orgánach).

Ceann de na tionscnaimh mhóra a thug a lán rialtas náisiúnta isteach le blianta beaga anuas ná scéim ina dtugtar dreasachtaí airgeadais do dhaoine d'fhonn iad a spreagadh chun gluaisteáin níos sine a bhriseadh. Tá díospóireacht mhór ann faoi bhuanna comhshaoil na scéimeanna seo, áfach, agus faoin bhféidearthacht go ndéanann siad níos mó chun tacú

leis an tionscal gluaisteán ná mar a dhéanann siad chun clár oibre glas a chur chun cinn.

Baineadh saincheisteanna glasa den chlár oibre i roinnt Ballstát mar thoradh ar an meathlú, agus i mBallstáit eile úsáideadh na pacáistí téarnaimh chun an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn.Eiseamláir dea chleachtais de chomhaontú comhchoiteann glas atá ina chuid de phlean téarnaimh na Beilge is ea an ‘t éicisheic’: biseach pá a dheonaítear faoi réir coinníollacha áirithe le díolúintí ó cháin shóisialta atá deartha chun ceannach earraí tomhaltóra inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn. Meastar na héicisheiceanna seo mar bhónas ón bhfostóir, ach i gcleachtas, is minic a úsáidtear sa phróiseas cómhargála iad chun freagairt neamhdhíreach a thabhairt ar éilimh cheardchumainn i ndáil le pá trí mhéaduithe pá ‘boga’ den sórt seo a chur ar fáil. Baineann fostóirí agus oibrithe araon tairbhe as na díolúintí cánach.

Cás léiritheach eile is ea an comhaontú comhchoiteann a shínigh comhpháirtithe sóisialta agus bainistíocht Iodálach, ina mbeidh díol mhonarcha Electrolux i Scandicci go Ciste Infheistíochta Angla Meiriceánach ina chúis le hathrú ó tháirgeadh cuisneoirí beaga go táirgeadh painéal gréine agus eití gaoithe. Tá sé mar choinníoll den chomhaontú go bhfostóidh an t-ionad 370 ar a laghad de na 450 fostaí atá ag obair ann i láthair na huaire agus go ndéanfar sin faoi 2010.

Tá na comhpháirtithe sóisialta ar fud na hEorpa páirteach i ngníomhartha éagsúla – lena n áirítear eisiúint ráiteas beartais, eagrú comhdhálacha agus ceardlann chun saincheisteanna glasa a phlé, agus cruthú clár oiliúna chun a áirithiú go mbeidh na scileanna riachtanacha ag a mbaill. I roinnt tíortha nach bhfuil comhpháirtithe sóisialta chomh gníomhach sin iontu, is minic a threoraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha na tionscnaimh.Is léir go bhfuil difríochtaí idir cuir chuige fostóirí agus cuir chuige ionadaithe fostaithe, mar tá fostóirí níos dírithe ar a áirithiú go bhfanfaidh siad iomaíoch sa gheilleagar glas. Is minic a spreagann saincheisteanna comhlíonta gníomhartha fostóirí chomh maith, go háirithe an gá le reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh. I dteannta sin, is minic a bhíonn tionscnaimh fostóirí sa réimse comhshaoil leabaithe i straitéisí corparáideacha ginearálta maidir le freagracht shóisialta. I gcodarsnacht leis sin, tá claonadh ag eagraíochtaí ceardchumainn tionscnaimh bhrústocaireachta agus stocaireachta a dhéanamh, dírithe ar rialtais agus ar an bpobal gnó.

Leagadh béim ar an tsaincheist maidir le heaspa scileanna ag an leibhéal Eorpach, agus i dtíortha áirithe freisin.  Mar iarracht an bhearna seo a líonadh, tá comhpháirtithe sóisialta na RA, go háirithe ar thaobh na bhfostóirí, ag glacadh páirt ghníomhach i gcur chun cinn straitéisí chun méadú ar an líon daoine a bhfuil na scileanna acu a bhfuil gá leo sa gheilleagar glas. San Iodáil, tá ollscoileanna agus soláthraithe oiliúna príobháideacha ag forbairt cúrsaí chun na scileanna a fhorbairt a bheidh ag teastáil ó oibrithe sa gheilleagar glas amach anseo.

## Leideanna Beartais

- Tríd is tríd, aontaíonn rialtais, ceardchumainn, fostóirí agus páirtithe leasmhara eile ar fud na hEorpa go bhfuil ar chumas an gheilleagair ghlais líon suntasach post a chruthú amach anseo. Ceann de na dúshláin is mó is ea teacht ar bhealach chun leas a bhaint as poitéinseal an réimse seo agus é a úsáid chun geilleagair atá ag fulaingt de bharr na géarchéime geilleagrach a athbheochan.

- Le líon beag eisceachtaí, léirítear deighilt shoiléir Thoir-Thiar agus, ar réimse níos lú, Thuaidh Theas sa tuarascáil i dtaca le leibhéal idirghníomhaíochta agus eagraithe na gcomhpháirtithe sóisialta agus na rialtas agus inneachar na dtionscnamh, rud a léiríonn na héagsúlachtaí idir liostaí tosaíochta náisiúnta.

- Léiríonn éicisheic na Beilge agus athchóiriúchán na hIodáile go soiléir conas is féidir le comhpháirtithe sóisialta dul i bhfeidhm ar an bpróiseas aistrithe agus é a chur chun cinn lena n-uirlisí traidisiúnta de chómhargáil agus de chomhaontuithe.

- Meastar go rachaidh an clár oibre glas i bhfeidhm ar inneachar agus ar chineálacha comhphlé shóisialta freisin. Féadfaidh athchoigeartú roinnt de phríomh ghníomhaithe agus de phríomh phróisis an chomhphlé shóisialta a bheith i gceist. Ag an tráth céanna, féadfar próisis agus struchtúir nua a chruthú chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna fostaíochta atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an ngeilleagar glas méadaitheach.

- Ní mór dearcadh fadtéarmach a chothú maidir leis an tsaincheist seo, mar ní réiteach tapa é an geilleagar glas a chabhróidh le tíortha go gearrthéarmach. Chun athrú go foinsí fuinnimh malartacha agus astuithe $CO_2$ a shrianadh, ag áirithiú i gcónaí go bhfanfaidh geilleagair iomaíoch agus go mbeidh scileanna oibrithe cothrom le dáta, beidh gá le pleanáil chúramach fhadtéarmach agus le creat beartais urrúnta. Féadann beartas AE feidhmiú mar chatalaíoch sa phróiseas seo.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil *Greening the European economy: Responses and initiatives by Member States and social partners* [*Glasú an Gheilleagair Eorpaigh: Freagairtí agus tionscnaimh ó Bhallstáit agus ó chomhpháirtithe sóisialta*] ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0972.htm

Christine Aumayr, Oifigeach Taighde
cau@eurofound.europa.eu